# Díospóireacht

## Ar cheart d'Éirinn na Cluichí Oilimpeacha a óstáil?

## Cúlra

Léirítear seomra ranga príomhshrutha sa sampla seo, le páistí i rang a 5 agus rang a 6. Léirigh na páistí suim sa chaint phoiblí agus sa díospóireacht le deireanaí. Á aithint seo, ullmhaíonn an múinteoir sraith eispéireas foghlama bunaithe ar na scileanna riachtanacha chun páirt a ghlacadh sa chaint phoiblí, sa díospóireacht mar shampla. Tacaíonn na heispéiris le páistí a gcuid scileanna éisteachta, labhartha, smaointeoireachta criticiúla agus áitithe a fhorbairt.

## Eispéireas Foghlama


Roimh an eispéireas foghlama seo, bhreathnaigh an rang ar óráidí ar líne, ar fhógraí físeáin agus ar dhíospóireachtaí poiblí. Rinne na páistí obair ghrúpa chun na scileanna a aithint, scileanna a d'úsáid na cainteoirí le plé go héifeachtach lena lucht féachana. Aithníonn siad breathnú sa tsúil, comharthaí láimhe, comharthaíocht choirp, sosanna beaga, teanga chuí, éagsúlacht teanga agus ghutha.

Cuireann an múinteoir tús leis an eispéireas foghlama trí leas a bhaint as réamheolas na bpáistí ar an gcaint phoiblí agus as na scileanna áitithe atá acu. Tugann sé seo deis do pháistí amanna a shainaithint ina n-úsáidtear an chaint phoiblí agus an t-áitiú sa saol laethúil. I ndiaidh an phlé seo, tosaíonn na páistí ag forbairt an rúin, *Ba cheart d'Éirinn na Cluichí Oilimpeacha a Óstáil*. I rith an eispéiris foghlama seo léiríonn na páistí a gcumas gníomhúcháin maidir le cinntí a dhéanamh faoi na hargóintí ar son / in aghaidh an rúin, 'Ba cheart d'Éirinn na Cluichí Oilimpeacha a óstáil'. Chomh maith leis sin, forbraíonn siad a chuid scileanna éisteachta de réir mar a éisteann siad le, agus a léiríonn siad meas ar dhearcthaí difriúla na ndaoine eile.

Is ceart daonlathach é an tsaoirse cainte, ach le bheith compordach ag caint, ní mór dúinn cleachtadh a dhéanamh. Cabhróidh timpeallacht shábháilte, thacúil leis na páistí ina ról mar chainteoirí. Dírigh d'aon ghnó ar thimpeallacht shábháilte, thacúil a chruthú inar féidir scileanna a fhoghlaim, a chleachtadh agus barr feabhais a chur orthu.

## Príomhinniúlachtaí

Léiríonn an t-eispéireas foghlama seo gur fhorbair na páistí na príomhinniúlachtaí seo a leanas:




### A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid

Tá príomhinniúlacht **an chumarsáidí agus na teanga a úsáid á forbairt ag na páistí** agus iad ag obair i mbeirteanna chun a gcuid smaointe agus léirmhínithe a roinnt maidir leis an eolas roghnaithe chun tacú lena ndearcadh faoi na Cluichí Oilimpeacha a óstáil in Éirinn.

Le linn an chláir teilifíse An Rún a Sceitheadh (*Spill the Beans*) éisteann an lucht féachana go measúil leis na dearcthaí difriúla a chuirtear in iúl agus déanann siad measúnú criticiúil ar an eolas chun a dtuairim féin a fhorbairt faoin rún.



## A bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha

Is **foghlaimeoirí digiteacha** iad na páistí chomh maith trí idirghníomhú go heiticiúil, criticiúil, agus freagrúil le gléasanna digiteacha chun fíricí, eolas agus staitisticí a aimsiú a thacaíonn lena ndearcthaí. Baineann na páistí úsáid as an ngléas digiteach ar bhealach comhoibríoch, criticiúil le heolas ábhartha a fháil chun feabhas a chur ar a n-argóint maidir leis na Cluichí Oilimpeacha a óstáil in Éirinn.

## A bheith ina saoránaigh ghníomhacha

Is **saoránaigh ghníomhacha** iad na páistí agus iad ag fáil taithí ar fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha. Mar lucht féachana, beartaíonn na páistí iad féin cé acu an bhfuil siad ar son nó in aghaidh an rúin, bunaithe ar an eolas atá ar fáil dóibh. Léirítear é seo de réir mar a roinneann na páistí a gcuid tuairimí faoin rún, le fianaise thacaíochta agus freisin trí dhul i ngleic leis an bpróiseas vótála, chun an taobh a bhuann an argóint a roghnú.

Tá forbairt na bpríomhinniúlachtaí fite fuaite ina chéile. De réir mar a théann páistí i ngleic leis an **teicneolaíocht dhigiteach**, déanann siad plé ar an eolas ábhartha trína gcuid cuimhneamh, smaointe, agus dearcthaí a **chur in iúl** dá bpiaraí. Tá na páistí ag forbairt **saoránacht ghníomhach** agus iad ag ceistiú, ag déanamh critíc ar, agus ag fáil tuiscint ar an rún, ag cur lena gcumas agus lena spreagadh don rannpháirtíocht dháiríre sa phlé amach anseo agus sna díospóireachtaí amach anseo maidir le hábhar a bhfuil suim acu ann.



# Ullmhúchán don Fhoghlaim agus don Teagasc

Tá ullmhúchán an mhúinteora bunaithe ar an gcur amach atá aige ar na páistí, ar an gcuraclam, agus ar an oideolaíocht. Tá **an t-ullmhúchán taifeadta** a dhéanann an múinteoir fiúntach agus praiticiúil. Bíonn naisc shoiléire ann leis na Torthaí Foghlama a dtugtar aghaidh orthu trí na heispéiris foghlama **(cur amach ar an gcuraclam)**.

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 1 – Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird** | Éisteann na páistí go gníomhach leis an díospóireacht ag baint úsáid as an 'teicníc taispeáin cúig dom' |
| **Toradh Foghlama 3 – Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile** | Éisteann agus labhraíonn na páistí go muiníneach agus go neamhspleách le linn dóibh a bheith ag obair go comhoibríoch lena bpiaraí chun aiseolas, smaointe agus cinntí a roinnt lena chéile |
| **Toradh Foghlama 11 – Eolas, míniú agus údar a thabhairt** | Déanann na páistí anailís ar eolas agus roghnaíonn siad eolas chun a gcuid smaointe agus tuairimí faoin díospóireacht a chur in iúl |

Léirítear **an t-ullmhúchán infheicthe** trí úsáid na n-acmhainní a thacaíonn le foghlaim na bpáistí. Bíonn rochtain ag gach páiste ar ghléas digiteach chun eolas a aimsiú agus a roghnú a thacaíonn lena rún.

Tacaíonn an chaoi ina n-eagraítear an timpeallacht foghlama agus úsáid na hoibre i mbeirteanna/i ngrúpa le páistí foghlaim go comhoibríoch agus cumarsáid a dhéanamh lena bpiaraí (**cur amach ar oideolaíocht**).

Tá cinntí agus ceisteanna i gceist le **hullmhúchán dofheicthe** an mhúinteora, a chuireann bonn faoi dhearadh agus faoi fhorbairt an eispéiris foghlama. Agus an múinteoir ag ullmhú, smaoinítear ar riachtanais, spéiseanna agus inniúlachtaí na bpáistí ar fad sa rang (**cur amach ar na páistí**). Le linn na díospóireachta, cothaítear cultúr cóimheasa sa seomra ranga, de réir mar a chuireann na páistí tuairimí difriúla in iúl maidir leis na Cluichí Oilimpeacha a óstáil in Éirinn.

## Léiriú ar an bhFoghlaim

Tá measúnú an mhúinteora ar fhoghlaim na bpáistí **leanúnach agus lárnach**. Bíonn an múinteoir ag plé leis na páistí agus iad ag obair i mbeirteanna chun teacht ar eolas a thacaíonn lena rún. Spreagtar iad anailís chriticiúil a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil eolas ar leith á úsáid acu trí cheisteanna a chur. *Conas a thacóidh sé seo le do thuairim? An féidir leat an eolas a nascadh le do sheasamh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart d'Éirinn na Cluichí Oilimpeacha a óstáil? Cén tionchar a bheadh ag an eolas seo ar do lucht féachana?*

De réir mar a ghlacann na páistí ról na láithreoirí agus an lucht féachana le linn an chláir teilifíse *An Rún a Sceitheadh*, tugann an múinteoir faoi **mheasúnú iomasach**. Éistear agus tugtar faoi deara conas a dhéanann na páistí cumarsáid, conas a úsáideann agus a thuigeann siad an teanga. Déanfaidh an múinteoir an t-eolas meastóireachta seo a mheas chun na chéad chéimeanna cuí eile a shainaithint d'fhoghlaim teanga na bpáistí.

Baintear úsáid as **piarmheasúnú** freisin san eispéireas foghlama seo, nuair a chaitheann an lucht féachana vóta maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart d'Éirinn na Cluichí Oilimpeacha a óstáil bunaithe ar na hargóintí a rinne an lucht atá i gcoinne an rúin agus an lucht atá ar son an rúin. Tá vótaí an lucht féachana bunaithe ar chritéar faoi leith. Bíonn caint mhaith, éisteacht mhaith agus eolas ar an áitiú á lorg acu.

Tugtar deiseanna do na páistí tabhairt faoi **fhéinmheasúnú** agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, trí chur síos a dhéanamh ar na gnéithe a thaitin leo, nár thaitin leo, na rudaí a d'athróidís an chéad uair eile agus conas a úsáidfidh siad na scileanna cumarsáide seo amach anseo.

# Ceisteanna machnaimh

1. Tugann **machnamh na bpáistí** léargas ar an gcineál eispéireas foghlama a thaitneodh leo sa seomra ranga. Conas is féidir an t-eolas seo a úsáid chun tacú le pleanáil agus ullmhú an mhúinteora amach anseo?
2. Tacaíonn an t-eispéireas foghlama seo le forbairt na príomhinniúlachta 'a bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid'. An féidir leat **príomhinniúlachtaí** eile a shainaithint a fhorbraítear san fhíseán seo?
3. Bhí suim ag na páistí san ábhar 'Na Cluichí Oilimpeacha á n-óstáil ag Éirinn'. Cé na deiseanna is féidir leat a shainaithint chun an t-eispéireas foghlama seo **a nascadh agus a chomhtháthú** le réimsí curaclaim eile?

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le tacú le páistí an chaint phoiblí a fhorbairt trí chur chuige struchtúrtha is féidir leat rochtain a fháil ar an ábhar tacaíochta seo.